TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
M. CAMPOS SÁNCHEZ-BORDONA
arna tabhairt an 7 Meán Fómhair 2023[1]

Cás C-303/22

CROSS Zlín a.s.
v
Úřad pro ochranu hospodářské soutěže,
idiragraí:
Statutární město Brno

(iarraidh ar réamhrialú ó Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno, Poblacht na Seice))

(Tarchur chun réamhrialú – Athbhreithniú a bhaineann le conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí – Treoir 89/665/CEE – Oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh do shásraí athbhreithnithe – Rochtain ar athbhreithniú – Tabhairt i gcrích an chonartha sula dtugtar athbhreithniú breithiúnach – Éifeachtacht an bhreithiúnais – Beart idirlinne lena gcuirtear éifeachtaí an chonartha ar fionraí)

1. Fiafraíonn cúirt de chuid Phoblacht na Seice ar an gCúirt an bhfuil an córas náisiúnta maidir le hathbhreithniú i leith conarthaí soláthair phoiblí i gcomhréir le Treoir 89/665/CEE[2] agus le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt").

2. Tá amhras ar an gcúirt sin, go bunúsach, faoi chomhréireacht na rialacha náisiúnta, lena gceadaítear conarthaí soláthair phoiblí a thabhairt i gcrích sula rialaíonn cúirt ar an athbhreithniú, arna thabhairt ag tairgeoir, lena ndéanann sé agóid in aghaidh a eisiaimh ón nós imeachta agus dámhachtain an chonartha do cheann dá iomaitheoirí, le Treoir 89/665 agus le hAirteagal 47 den Chairt.

[1] Bunteanga: an Spáinnis.

[2] Treoir ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain (IO 1989 L 395, lch. 33).

I. Creat dlíthiúil

A. Dlí an Aontais. Treoir 89/665 [3]

3. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 1 (“Raon feidhme agus nósanna imeachta athbhreithnithe”):

“1. Beidh feidhm ag an Treoir seo i leith na gconarthaí dá dtagraítear le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an 26 Feabhra 2014, maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65)] seachas má eisiatar na conarthaí sin i gcomhréir le hAirteagail 7, 8, 9, 10, 11, 12, 15, 16, 17 agus 37 den Treoir sin.

[…]

Maidir leis na conarthaí a chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir [2014/24] [...] déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí arna nglacadh ag na húdaráis chonarthacha ar bhealach éifeachtach agus, go háirithe, chomh tapa agus is féidir, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 2 go 2f den Treoir sin, más rud é gur sáraíodh dlí an Aontais i réimse an tsoláthair phoiblí nó na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht sin leis na cinntí sin.

[…]

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta athbhreithnithe ar fáil, de réir rialacha mionsonraithe a fhéadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar a laghad d’aon duine a bhfuil nó a raibh leas aige conradh ar leith a fháil agus a ndearnadh dochar dó nó a bhfuil baol ann go ndéanfar dochar dó trí shárú líomhainte.” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4. Cuirtear an méid seo a leanas in iúl le hAirteagal 2 (“Ceanglais maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe”):

“1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhforálfaí leis na bearta arna nglacadh maidir le nósanna imeachta athbhreithnithe a shonraítear in Airteagal 1 do na cumhachtaí is gá d’fhonn:

a) bearta idirlinne a ghlacadh, a luaithe is féidir agus trí nós imeachta práinne, chun an sárú a leigheas nó chun a sheachaint go ndéanfaí a thuilleadh díobhála do na leasanna atá i gceist, lena n-áirítear bearta chun an nós imeachta dámhachtana conartha phoiblí atá i gceist nó aon chinneadh arna ghlacadh ag an údarás conarthach a fhorfheidhmiú a chur ar fionraí nó a áirithiú go ndéanfar a leithéid;

b) cinntí a rinneadh go mídhleathach a chur ar neamhní nó a áirithiú go gcuirfear ar neamhní iad, lena n-áirítear sonraithe teicniúla, eacnamaíocha nó airgeadais idirdhealaitheach sna doiciméid tairisceana, sna sonraíochtaí nó in aon doiciméad eile a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana conartha atá i gceist a scriosadh;

c) cúiteamh i leith damáiste a dheonú do dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh le sárú.

[3] Mar seo a leanas atá an téacs, arna leasú le Treoir 2007/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena leasaítear Treoracha 89/665/CEE agus 92/13/CEE ón gComhairle maidir le héifeachtacht nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí a dhámhachtain a fheabhsú (IO 2007 L 335, lch. 31), chomh maith le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, lch. 1).

2. Féadfar na cumhachtaí a leagtar síos i mír 1 agus Airteagail 2d agus 2e a shannadh ar chomhlachtaí ar leith, a bhfuil freagrach as gnéithe difriúla de na nósanna imeachta athbhreithnithe.

3. Nuair a chuirtear athbhreithniú faoi bhráid údarás céadchéime atá neamhspleách ar an údarás conarthach maidir le cinneadh dámhachtana conartha, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an t-údarás conarthach in ann an conradh a thabhairt i gcrích go dtí go bhfuil cinneadh déanta ag an údarás atá i mbun scrúdú ar an athbhreithniú maidir leis an iarratas ar bhearta idirlinne nó ar shubstaint an athbhreithnithe. Ní thiocfaidh deireadh leis an bhfionraí roimh dhul in éag na tréimhse neamhghníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2a(2) agus Airteagal 2d(4) agus (5).

4. Seachas sna cásanna dá bhforáiltear i mír 3 agus in Airteagal 1(5), ní gá go mbeadh éifeachtaí fionraíochta uathoibríche ag nósanna imeachta athbhreithnithe sna nósanna imeachta dámhachtana conarthaí dá dtagraítear.

5. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh sé de chumhacht ag an údarás atá freagrach as na nósanna imeachta athbhreithnithe iarmhairtí féideartha na mbeart idirlinne ar na leasanna uile a bhféadfaí díobháil a dhéanamh dóibh a chur san áireamh, chomh maith leis an leas ginearálta, agus a chinneadh gan bearta den sórt sin a dheonú dá mbeadh iarmhairtí diúltacha ag gabháil níos mó leo ná buntáistí.

[…]

6. Féadfaidh na Ballstáit a leagan síos, nuair a iarrtar cúiteamh i leith damáiste agus líomhain á déanamh gur glacadh an cinneadh ar bhealach mídhleathach, nach mór d'údarás, a bhfuil an chumhacht sin aige, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ar dtús.

7. Seachas sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 2d go 2f, cinnfear na héifeachtaí a bheidh ag feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar chonradh arna thabhairt i gcrích i ndiaidh nós imeachta dámhachtana i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Thairis sin, seachas i gcás inar mhór cinneadh a chur ar neamhní roimh cúiteamh i leith damáistí a dheonú, féadfaidh na Ballstáit a leagan síos, tar éis an conradh a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 1(5), mír 3 den Airteagal seo nó Airteagail 2a go 2f, go mbeidh cumhachtaí an údaráis atá freagrach as na nósanna imeachta athbhreithnithe teoranta do chúiteamh i leith damáiste a dheonú d'aon duine a ndearnadh damáiste dó le sárú.

[…]

9. Nuair nach de chineál breithiúnach na húdaráis atá freagrach as na nósanna imeachta athbhreithnithe, beidh gá cúiseanna i scríbhinn a thabhairt lena gcuid cinntí i gcónaí. Thairis sin, sa chás sin, ní mór forálacha a ghlacadh lena n-áirithítear go bhféadfaidh aon bheart a líomhnaítear a bheith mídhleathach arna ghlacadh ag an údarás athbhreithnithe inniúil, nó aon sárú a líomhnaítear a rinne sé agus é ag feidhmiú na gcumhachtaí a deonaíodh dó, a bheith ina ábhar d'athbhreithniú breithiúnach nó d'athbhreithniú os comhair cúirt nó binse eile de réir bhrí Airteagal 234 de Chonradh CE, agus a bheidh neamhspleách ar an údarás conarthach agus ar an údarás athbhreithnithe.

[…]".

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5. Seo a leanas foclaíocht Airteagal 2a (“Tréimhse neamhghníomhaíochta”):

“1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tréimhsí ama leordhóthanacha ag na daoine dá dtagraítear in Airteagal 1(3) chun athbhreithniú éifeachtach a thabhairt in aghaidh cinntí dámhachtana conarthaí arna nglacadh ag na húdaráis chonarthacha, trí na forálacha is gá a ghlacadh chun na híoschoinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 2c a urramú.

2. I gcás na gconarthaí a chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir [2014/24] […], ní fhéadfar an conradh a thabhairt i gcrích tar éis an chinnidh dámhachtana roimh dhul in éag tréimhse 10 lá féilire ar a laghad ón lá i ndiaidh an dáta a sheolfar an cinneadh dámhachtana conartha chuig na tairgeoirí agus na hiarrthóirí lena mbaineann má úsáidtear facs nó modhanna leictreonacha nó, má úsáidtear modhanna cumarsáide eile, roimh dhul in éag tréimhse 15 lá féilire ar a laghad ón lá i ndiaidh an dáta a sheolfar an cinneadh dámhachtana conartha chuig na tairgeoirí agus na hiarrthóirí lena mbaineann, nó 10 lá féilire ar a laghad ón lá i ndiaidh an dáta a fuarthas an cinneadh dámhachtana conartha.

Measfar gur tairgeoirí lena mbaineann iadsan nár eisiadh go críochnaitheach go fóill iad. Measfar eisiamh a bheith críochnaitheach más rud é gur tugadh fógra ina leith do na tairgeoirí lena mbaineann agus gur chinn údarás athbhreithnithe neamhspleách go bhfuil sé dleathach nó nach féidir leis a bheith faoi réir nós imeachta athbhreithnithe a thuilleadh.

Measfar gur iarrthóirí lena mbaineann iadsan nár chuir an t-údarás conarthach faisnéis ar fáil maidir le diúltú a n-iarratas sular tugadh fógra do na tairgeoirí lena mbaineann i leith an chinnidh dámhachtana conartha.

[…]”.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Dlí Phoblacht na Seice

1. Zákon č. 134/2016 Sb., o zadávání veřejných zakázek (Dlí Uimh. 134/2016 maidir le dámhachtain conarthaí soláthair phoiblí)

6. De réir Airteagal 246(1):

“Ní fhéadfaidh an t-údarás conarthach conradh a thabhairt i gcrích leis an gconraitheoir: […]

d) laistigh de thréimhse 60 lá ó thosaigh an nós imeachta athbhreithnithe in aghaidh ghníomh an údaráis chonarthaigh, chomh fada is nach bhfuil an fógra maidir leis an athbhreithniú faoi urchosc ama, féadfaidh an t-údarás conarthach, áfach, an conradh a thabhairt i gcrích roimh dhul in éag na tréimhse sin, más rud é gur dhiúltaigh an [Úřad pro ochranu hospodářské soutěže (Údarás um Chosaint na hIomaíochta; “ÚOHS”)] don iarratas ar athbhreithniú nó gur scoir sé den nós imeachta riaracháin maidir leis an athbhreithniú agus maidir le teacht chun críochnaitheachta an chinnidh san ábhair sin a reáchtáil.”

7. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 257(j):

"Scoirfidh ÚOHS den nós imeachta a reáchtáil ar cuireadh tús leis trí ordú, más rud é,

[…]

j) le linn an nós imeachta riaracháin, gur thug an t-údarás conarthach conradh i gcrích chun ábhar an nós imeachta tairisceana poiblí atá faoi scrúdú a chur chun feidhme.

[…]"

2. Zákon č. 500/2004 Sb., správní řád (Dlí Uimh. 500/2004, den Chód um Nós Imeachta Riaracháin)

8. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 61:

"1. Agus nós imeachta á phróiseáil féadfaidh an t-údarás riaracháin, *ex officio* nó arna iarraidh sin ag páirtí, sula gcuirtear deireadh leis na himeachtaí, beart idirlinne a ghlacadh trí chinneadh, más gá sin chun staid na rannpháirtithe sa nós imeachta a rialú go sealadach. […] Féadfar le beart idirlinne a ordú do pháirtí nó do dhuine eile gníomhú, staonadh ó ghníomhú nó glacadh le rud éigin, chomh maith le hidirghabháil a dhéanamh i leith rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhianaise nó ina ábhar d'fhorfheidhmiú.

[…]

3. Trí chinneadh, cúlghairfidh an t-údarás riaracháin an beart idirlinne a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an bhforas lena ghlacadh. Mura ndéantar an méid sin, rachaidh an beart idirlinne in éag ar an lá a thiocfaidh an cinneadh sa chás atá i gceist chun bheith in-fhorfheidhmithe nó an lá a thosóidh sé de bheith ag cruthú éifeachtaí dlíthiúla

[…]".

3. Zákon č. 150/2002 Sb., soudní řád správní (Dlí Uimh. 150/2002, den Chód um Nós Imeachta Riaracháin os comhair na gCúirteanna)

9. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 38:

"1. Nuair a tionscnaíodh athbhreithniú agus go bhfuil gá rialú a dhéanamh go sealadach ar staid na bpáirtithe, mar gheall ar bhaol go ndéanfar díobháil thromchúiseach, féadfaidh an chúirt, trí ordú, beart idirlinne a ghlacadh, lena n-ordaítear do na páirtithe gníomhú, staonadh ó ghníomhú, nó glacadh le rud éigin. Ar na forais chéanna, féadfaidh an chúirt an oibleagáid sin a fhorchur ar thríú páirtí freisin, más réasúnta a cheangal air a leithéid a dhéanamh

[...]".

10. De réir Airteagal 72(1):

"Is féidir athbhreithniú riaracháin a thabhairt laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta a dhéantar an cinneadh a sheirbheáil ar an iarratasóir trína fhianaise a chur in iúl dó nó i bhfoirm eile dá bhforáiltear le dlí, seachas má leagtar síos tréimhse ama eile le dlí speisialta."

11. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 78:

"(1) Má tá bunús maith leis an athbhreithniú riaracháin, cuirfidh an chúirt an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní ar an bhforas nach bhfuil sé i gcomhréir leis an dlí nó go mbaineann lochtanna nós imeachta leis. Cuirfidh an chúirt an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní ar an bhforas nach bhfuil sé i gcomhréir leis an dlí freisin i gcás go n-aithníonn sé go ndeachaigh an t-údarás riaracháin thar teorannacha na lánrogha riaracháin, faoin dlí, nó go ndearna sé mí-úsáid ar an lánrogha sin.

[…]

(4) Agus an cinneadh á chur ar neamhní, ordóidh an chúirt freisin go dtarchuirfear an cás ar ais go dtí an cosantóir le haghaidh athphlé".

II. Na fíorais, an díospóid agus an cheist a tharchuirtear

12. An 27 Meán Fómhair 2019, bhunaigh Statutární město Brno (Cathair Brno, Poblacht na Seice) nós imeachta tairisceana chun conradh soláthair phoiblí a dhámhachtain, maidir le feidhmeanna an lárionaid rialaithe tráchta den chóras soilse tráchta a leathnú [4].

13. Bhí na cuideachtaí CROSS Zlín, a.s. ("CROSS") agus Siemens Mobility, s.r.o. rannpháirteach sa nós imeachta, agus chuir an dá cheann acu tairiscint isteach.

14. An 6 Aibreán 2020, d'eisiaigh an t-údarás conarthach CROSS ón nós imeachta, ós rud é nár chomhlíon sé coinníollacha an nós imeachta tairisceana.

15. An 7 Aibreán 2020, roghnaigh an t-údarás conarthach Siemens Mobility mar chonraitheoir.

16. Rinne CROSS agóid in aghaidh chinneadh an 6 Aibreán 2020 os comhair an údaráis chonarthaigh chéanna, a dhíbh an t-athbhreithniú an 4 Bealtaine 2020.

17. Thionscain CROSS iarratas ar athbhreithniú in aghaidh chinneadh an 4 Bealtaine 2020 os comhair ÚOHS, lenar iarr sé go gcuirfear a eisiamh agus roghnú Siemens Mobility mar chonraitheoir ar neamhní.

18. An 3 Iúil 2020, ghlac ÚOHS, *ex officio*, beart idirlinne chun cosc a chur ar an údarás conarthach an conradh a thabhairt i gcrích go dtí go mbeadh deireadh le próiseáil an nós imeachta athbhreithnithe.

19. An 5 Lúnasa 2020, dhiúltaigh ÚOHS don iarratas ar athbhreithniú arna dhéanamh ag CROSS.

[4] Foilsíodh an fógra in Věstník veřejných zakázek (Iris an tsoláthair phoiblí) le hUimh. Z2019 034002 agus in IO le hUimh. 2019/S 190 461538. Ba é CZK 13 805 000 (koruna Phoblacht na Seice) (thart ar EUR 566 000) meastachán ar luach an chonartha phoiblí, gan cáin bhreisluacha a chur san áireamh.

20. Thionscain CROSS achomharc riaracháin in aghaidh chinneadh an 5 Lúnasa 2020 os comhair Uachtarán ÚOHS.

21. An 9 Samhain 2020, dhiúltaigh Uachtarán ÚOHS don achomharc riaracháin. Tháinig a chinneadh chun bheith críochnaitheach (ó thaobh an riaracháin de)[5] an 13 Samhain 2020.

22. An 18 Samhain 2020, thug an t-údarás conarthach an conradh soláthair phoiblí i gcrích le Siemens Mobility.

23. An 13 Eanáir 2021, thionscain CROSS athbhreithniú riaracháin in aghaidh chinneadh Uachtarán ÚOHS an 9 Samhain 2020, os comhair Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno, Poblacht na Seice).

24. D'iarr CROSS ar an gcúirt, go gcuirfear, san idirlinn, éifeachtaí fionraíochta i bhfeidhm ar an athbhreithniú, lena gcuirfí cosc ar an údarás conarthach an conradh a thabhairt i gcrích.

25. An 11 Feabhra 2021, dhiúltaigh Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno) d'iarratais CROSS, agus mheas sé:

– Ós rud é gur tugadh an conradh i gcrích cheana, ní raibh aon bhonn le cosc a chur ar an údarás conarthach é a thabhairt i gcrích.

– Fiú dá gcuirfí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní, bheadh sé mar thoradh air sin go dtarchuirfí an cás ar ais chuig ÚOHS, a scoirfeadh de na himeachtaí a reáchtáil.

– Ní fhéadfaí cosc a chur ach oiread ar an údarás conarthach an conradh sin a fhorfheidhmiú, ós rud é nach raibh aon bhac dlíthiúil lena thabhairt i gcrích tráth a rinneadh é, toisc go raibh cinneadh Uachtarán ÚOHS tar éis teacht chun bheith críochnaitheach.

26. An 28 Márta 2022, d'éist Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno) na páirtithe sna himeachtaí maidir le hoiriúnacht tarchur chun réamhrialú a dhéanamh, ag féachaint don amhras maidir le comhréireacht na rialacha náisiúnta le Treoir 89/665 agus Airteagal 47 den Chairt.

27. Mheas an chúirt sin, go bhféadfadh na rialacha náisiúnta sin, lena gceadaítear conradh soláthair phoiblí a thabhairt i gcrích a luaithe a bheidh cinneadh Uachtarán ÚOHS tagtha chun bheith críochnaitheach (ó thaobh an riaracháin de), teacht salach ar Airteagal 2(3) agus Airteagal 2a(2) de Threoir 89/665, ós rud é nach ráthaítear leigheas éifeachtach leo do na tairgeoirí ar eisiadh iad ón nós imeachta roghnúcháin.

28. I ndiaidh na páirtithe a éisteacht, chinn Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno) an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"An bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagail 2(3) agus 2a(2) de Threoir 89/665/CEE, arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt [...], do reachtaíocht na Seice cead a thabhairt d'údarás conarthach conradh poiblí a chur i gcrích roimh chaingean a thabhairt os comhair na cúirte inniúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinnidh dara céim ó [ÚOHS] chun tairgeoirí a eisiamh?"

[5] Chun bheith críochnaitheach "ó thaobh an riaracháin de" tuigim gur ídíodh an modh sásaimh sin, is é sin le rá, nach féidir aon éileamh eile a dhéanamh os comhair an Údaráis Riaracháin agus ní féidir ach athbhreithniú breithiúnach a lorg.

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

29. Fuarthas an iarraidh ar réamhrialú ag an gCúirt Bhreithiúnais an 9 Bealtaine 2022.

30. Thaisc ÚOHS, Rialtais Phoblacht na Seice agus na Cipire agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn. Bhí gach ceann acu sin, chomh maith le CROSS, i láthair ag an éisteacht a reáchtáladh an 25 Bealtaine 2023.

IV. Measúnú

A. Réamhbharúlacha

1. Cineál neamhbhreithiúnach ÚOHS

31. De réir an ordaithe tarchuir, cé go dtuigtear ó na forálacha dlí Seiceacha gurb ionann ÚOHS agus "údarás athbhreithnithe" chun críocha Threoir 89/665, ní féidir é a mheas mar chúirt neamhspleách agus neamhchlaon, de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt agus mhír 73 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Randstad Italia* [6].

32. Ní mór don Chúirt cloí leis an gcreat dlí náisiúnta mar atá tuairiscithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, arb í an léiritheoir údaraithe dá dlí náisiúnta [7]. Dá bhrí sin, ní mór glacadh leis an méid a mheasann an chúirt a rinne an tarchur maidir le stádas dlíthiúil ÚOHS.

33. I ndáiríre, níor agair ÚOHS gur de chineál breithiúnach é ina bharúlacha i scríbhinn os comhair na Cúirte, ach [8], chuir sé in iúl, go simplí, gurb "údarás atá freagrach as nósanna imeachta athbhreithnithe" é, de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir 89/665.

2. Ábhar agóid CROSS

34. In ainneoin an amhrais arna chur in iúl ag an gCoimisiún [9], tá agóid CROSS dírithe freisin in aghaidh dhámhachtain an chonartha ar Siemens Mobility. Is léir sin ón ordú tarchuir [10].

35. Tá an méid sin comhleanúnach le hinneachar na ceiste a tharchuirtear, lena bhfiafraítear don Chúirt maidir leis an léiriú le déanamh ar Airteagal 2(3) de Threoir 89/665, is é sin le rá, an riail lena rialaítear na héifeachtaí fionraíochta ar "athbhreithniú a bhaineann le cinneadh dámhachtana conartha."

6 Cás C-497/20, ECLI:EU:C:2021:1037 "an breithiúnas in *Randstad Italia*".

7 In imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, tá dlínse eisiach ag an gcúirt náisiúnta fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí a chinneadh agus a mheas agus an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm [breithiúnas an 26 Aibreán 2017, *Farkas* (C-564/15, EU:C:2017:302), mír 37].

8 I mír 22 de na barúlacha sin, glacann sé leis mar bheith gan cheist "nach bhfuil [ÚOHS], atá mar chuid den chumhacht feidhmiúcháin, ina chúirt." I mír 35 déanann sé athrá "[...] ní cúirt é, ach údarás lárnach, a cheadaítear faoi Threoir 89/665."

9 Mír 12 dá bharúlacha i scríbhinn.

10 Ordú tarchuir, mír 2: "Thug CROSS athbhreithniú os comhair [ÚOHS] i gcoinne ghníomh an údaráis chonarthaigh, lenar iarr sé go gcuirfear ar neamhní an fógra maidir lena eisiamh agus *roghnú na cuideachta Siemens Mobility mar chonraitheoir*". Cló iodálach curtha leis.

B. Léiriú ar Airteagal 2(3) de Threoir 89/665

36. Maidir leis na cinntí ó na húdaráis chonarthacha (nuair a bhaineann siad, mar is léir, le conarthaí a chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir 2014/24), ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sásraí athbhreithnithe oiriúnacha ar fáil do na daoine lena mbaineann chun a chinneadh, go tapa agus go héifeachtach, ar sáraíodh dlí an Aontais i réimse an tsoláthair phoiblí nó na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear é ina ndlíchórais faoi seach leis na cinntí sin. Is é sin, ar deireadh, cuspóir Threoir 89/665.

37. Ceadaítear le hAirteagal 1(5) den Treoir sin do na Ballstáit a cheangal ar an duine atá ag iarraidh athbhreithniú a thabhairt in aghaidh cinneadh ón údarás conarthach é sin a dhéanamh, sa chéad áit, os comhair an údaráis chonarthaigh chéanna sin.

38. Cumhdaítear faoi neamhspleáchas nóis imeachta na mBallstát, mar sin, tabhairt isteach – roghnach – réamh-athbhreithniú (agóid) [11] os comhair an údaráis chonarthaigh. Lena thabhairt isteach, cuirtear ar fionraí an fhéidearthacht an conradh a thabhairt i gcrích, mar a tharla sa chás seo.

39. Seachas *an agóid* sin os comhair an údaráis chonarthaigh, foráiltear le Treoir 89/665 d'fhíor-*athbhreithniú*, os comhair "údaráis atá freagrach as nósanna imeachta athbhreithnithe." Tagraítear do na húdaráis sin le hAirteagal 2 den Treoir sin, agus aithnítear leis go bhféadfadh gur "de chineál breithiúnach" iad nó nach den chineál sin iad, mar a chinntítear le mír 9 den Airteagal sin (lena leagtar síos an córas is infheidhme nuair nach den chineál sin iad) [12].

40. Go bunúsach, foráiltear le hAirteagal 2(3) de Threoir 89/665 go gcuirfear athbhreithniú in aghaidh cinneadh dámhachtana conartha faoi bhráid "údarás céadchéime atá neamhspleách ar an údarás conarthach". Mar a leagfaidh mé amach thíos, ní cheanglaítear agus ní choisctear leis an bhforáil sin gur de chineál breithiúnach a bheidh an t-údaras céadchéime.

1. An coincheap "údarás céadchéime atá neamhspleách ar an údarás conarthach"

41. Tá an coincheap a úsáidtear in Airteagal 2(3) de Threoir 89/665 leathan [13]. Féadfaidh sé a chumhdach:

– Údaráis neamhbhreithiúnacha a bhfuil sé de fhreagracht orthu rialú (athbhreithniú) ó thaobh an riaracháin de a dhéanamh ar chinntí an údaráis chonarthaigh [14].

– Cúirteanna a chuirtear de chúram orthu le rialacha nós imeachta an Bhallstáit, *ag an gcéad chéim*, rialú a thabhairt, ar bhealach díreach, ar chaingne athbhreithnithe in aghaidh cinntí ón údarás conarthach nach ndearnadh agóid ina gcoinne os comhair údaráis riaracháin. Tá na cúirteanna sin, de réir an tsainmhínithe, neamhspleách ar an údarás conarthach.

[11] Measaim gurb fhearr an téarma "agóid" a úsáid sa chomhthéacs seo. I ndáiríre, is iarratas é ar an té a ghlac an cinneadh athmhachnamh a dhéanamh.

[12] Ní mór go mbeidh cúiseanna i scríbhinn ag gabháil i gcónaí le cinntí na n-údarás athbhreithnithe nach de chineál breithiúnach iad agus féadfaidh siad a bheith ina n-ábhar "d'athbhreithniú breithiúnach nó [...] athbhreithniú os comhair cúirt eile de réir bhrí Airteagal [267 CFAE]".

[13] Úsáidtear téarmaí leathana sna leaganacha teanga difriúla: "Stelle in erster Instanz", sa Ghearmáinis; "body of first instance", sa Bhéarla; "instances de premier ressort", sa Fhraincis; "organo di prima istanza", san Iodáilis.

[14] Cinnte, ní mór gur údaráis iad atá scartha ón údarás conarthach. D'fhéadfadh gur údaráis neamhspleácha iad, amhail Údaráis Iomaíochta.

42. Leagtar an bhéim i bhfoclaíocht Airteagal 2(3) ar an téarma "údarás céadchéime" (agus, ar deireadh, ar a neamhspleáchas ar an údarás conarthach), ach ní, deirim arís é, ar chineál breithiúnach nó neamhbhreithiúnach údarás den sórt sin.

43. Dá bhrí sin, féadfaidh cúirt, má fhoráiltear amhlaidh leis an reachtaíocht náisiúnta (ní cosúil gurb amhlaidh an cás i bPoblacht na Seice), gníomhú mar údarás céadchéime faoi Airteagal 2(3) de Threoir 89/665.

2. Éifeachtaí fionraíochta an athbhreithnithe os comhair na n-údarás céadchéime

44. Ní mór go n-áirithítear le dlí an Bhallstáit, de réir bhrí Airteagal 2(3) de Threoir 89/665, nach dtabharfaidh an t-údarás conarthach an conradh i gcrích roimh don údarás athbhreithnithe céadchéime cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar bhearta idirlinne nó maidir le substaint an athbhreithnithe. Ní bheidh deireadh leis an bhfionraí go dtí go rachaidh an tréimhse ama a leagtar síos leis na forálacha eile de Threoir 89/665 in éag [15].

45. De bhun Airteagal 2(3) de Threoir 89/665, níl feidhm ag an tréimhse neamhghníomhaíochta ach amháin nuair nach bhfuil an t-údarás céadchéime (sa chás seo, ÚOHS) tar éis cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar bhearta idirlinne nó maidir le substaint an athbhreithnithe.

46. Seachas sa chás a leagtar amach in Airteagal 2(3) (agus sa chás in Airteagal 1(5)), ní cheanglaítear le Treoir 89/665 gur gá go mbeadh éifeachtaí fionraíochta uathoibríche leis na nósanna imeachta athbhreithnithe eile. Is léir sin ó Airteagal 2(4).

47. Tá feidhm ag an éifeacht fionraíochta, mar sin, i leith nósanna imeachta athbhreithnithe a mheastar, le hAirteagal 2(3), a bheith mar chaingne athbhreithnithe os comhair údarás *céadchéime*. Is leis an tsaintréith sin (agus an neamhspleáchas ar an údarás conarthach) a chinntear an mbeidh feidhm leis an toirmeasc idirlinne ar an gconradh a thabhairt i gcrích.

48. Deirim arís é, ní *gá* go leathnaítear le Treoir 89/665 an éifeacht fionraíochta uathoibríche chun go gcumhdófaí léi athbhreithniú breithiúnacha ina dhiaidh sin i gcoinne chinneadh an údaráis céadchéime, más údarás riaracháin é. Rialaítear athbhreithniú breithiúnach den chineál sin leis an bhforáil níos ginearálta atá in Airteagal 2(4) de Threoir 89/665.

49. Déanfaidh mé anailís níos déanaí ar an gceist an gceanglaítear le hAirteagal 47 den Chairt go gcuirfí an éifeacht fionraíochta chéanna leis an gceann a rialaítear le hAirteagal 2(3) de Threoir 89/665 i bhfeidhm ar an athbhreithniú breithiúnach sin (i ndiaidh chinneadh an "údaráis céadchéime").

[15] Rialaítear an tréimhse neamhghníomhaíochta go mion le hAirteagal 2a.

3. Údaráis athbhreithnithe dhifriúla, de réir dhlí Phoblacht na Seice, agus éifeachtaí fionraíochta an athbhreithnithe a thugtar os a gcomhair

50. Ón bhfaisnéis arna soláthar don Chúirt is féidir a thuiscint, i bPoblacht na Seice, go bhfuil na modhanna sásaimh ("sásamh" le tuiscint ar bhealach leathan) seo a leanas ar fáil do dhaoine lena mbaineann in aghaidh cinntí dámhachtana conartha:

– Éileamh tosaigh os comhair an údaráis chonarthaigh féin. Sa chás seo, rinne CROSS é os comhair Statutární město Brno (Cathair Brno, Poblacht na Seice) a bhí ina údarás conarthach. Bhí feidhm ag Airteagal 1(5) de Threoir 89/665 i leith a éilimh dá bhrí sin, agus, i gcomhréir leis an Airteagal sin, staon an t-údarás conarthach ón gconradh a thabhairt i gcrích nuair a raibh an t-éileamh ar feitheamh.

– Athbhreithniú ina dhiaidh sin in aghaidh an chinnidh dámhachtana, os comhair ÚOHS, agus é ag gníomhú mar "údarás céadchéime, neamhspleách ar an údarás conarthach." Tá feidhm ag Airteagal 2(3) de Threoir 89/665 i leith an athbhreithnithe sin, nach de chineál breithiúnach é. Dá bhrí sin, chuir ÚOHS cosc san idirlinn ar an údarás conarthach an conradh a thabhairt i gcrích.

– Athbhreithniú deiridh, ar de chineál breithiúnach é, os comhair na gcúirteanna riaracháin, amhail an ceann a rinneadh sa chás seo. Ní gá go mbeidh feidhm go huathoibríoch san athbhreithniú sin leis na héifeachtaí fionraíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Threoir 89/665, más rud é go ndeachthas i muinín an "mhodha sásaimh riaracháin" os comhair ÚOHS.

51. Tá sé tábhachtach a chur in iúl, i bprionsabal, nach bhfuil aon bhac, a eascraíonn as Treoir 89/665, ar an gconradh a thabhairt i gcrích roimh nó le linn reáchtáil an athbhreithnithe bhreithiúnaigh, nuair a rinneadh roimh an athbhreithniú deireanach sin, athbhreithniú a reáchtáil agus a réiteach os comhair ÚOHS.

C. Athbhreithnithe breithiúnacha éifeachtacha. Airteagal 2(9) de Threoir 89/665 agus Airteagal 47 den Chairt

52. Maidir le Treoir 89/665, dhearbhaigh an Chúirt an méid seo: "[...] tá an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, a chumhdaítear i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 47 den Chairt ábhartha, go háirithe, nuair a leagann na Ballstáit síos, i gcomhréir leis an oibleagáid sin, rialú nós imeachta maidir leis an *t-athbhreithniú breithiúnach* lena gcosnaítear na cearta a dheonaítear le dlí an Aontais *d'iarrthóirí agus tairgeoirí a ndearnadh díobháil dóibh le cinntí ó na húdaráis chonarthacha*" [16].

53. Ceanglaítear le hAirteagal 1 de Threoir 89/665 ar na Ballstáit na bearta reachtacha is gá a ghlacadh chun a áirithiú gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí na n-údarás conarthach *ar bhealach éifeachtach*, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 2 go 2f den Treoir sin.

54. Go loighiciúil, leathnaítear an riachtanas maidir le *héifeachtacht* le hathbhreithniú, a rialaítear le hAirteagal 47 den Chairt, a thionscnaítear os comhair na gcúirteanna a chumhdach. Eascraíonn iarmhairtí as an riachtanas sin maidir leis an gcéim idirlinne den athbhreithniú sin.

[16] An breithiúnas in *Randstad Italia*, mír 49, le tagairt do bhreithiúnas an 7 Meán Fómhair 2021, *Klaipėdos regiono atliekų tvarkymo centras* (C-927/19, EU:C:2021:700), mír 128. Cló iodálach curtha leis.

55. Mar a chuir mé in iúl cheana féin, deonaítear le hAirteagal 2(3) de Threoir 89/665 éifeacht fionraíochta ar chaingne athbhreithnithe os comhair údaráis *chéadchéime*. Ní leathnaíonn an fionraí, áfach, go huathoibríoch, chun athbhreithniú breithiúnach ina dhiaidh sin a chumhdach in aghaidh chinneadh an údaráis (riaracháin) céadchéime. Rialaítear athbhreithniú den sórt sin le hAirteagal 2(4) de Threoir 89/665.

56. Ba chóir cásdlí na Cúirte maidir leis an gcosaint idirlinne nach mór a bheith ann in imeachtaí ina gcinntear cearta a eascraíonn as dlí an Aontais a thabhairt chun cuimhne, áfach:

– Mar riail ghinearálta, "ní mór go mbeidh sé de chumas ag chúirt náisiúnta a bhfuil díospóid os a comhair a rialaítear le dlí an Aontais bearta idirlinne a ghlacadh lena n-áirithítear lánéifeachtacht an chinnidh bhreithiúnaigh atá le tabhairt maidir le cearta a agraítear a bheith ann ar bhonn dhlí an Aontais" [17].

– "Ceanglaítear le prionsabal an leighis éifeachtaigh i leith cearta a bhronntar ar dhaoine aonair le dlíchóras an Chomhphobail, i gcomhréir le dlí Ballstáit, go mbeifear in ann bearta idirlinne a ghlacadh go dtí go rialaíonn an chúirt inniúil maidir le comhréireacht na bhforálacha náisiúnta atá i gceist le dlí an Chomhphobail, nuair a bheidh glacadh na mbeart sin riachtanach chun lánéifeachtacht an chinnidh bhreithiúnaigh lena gcinntear an ann do chearta den sórt sin a áirithiú" [18].

57. Ar aon dul leis an gcuspóir "lánurraim don cheart chun leigheas éifeachtach a áirithiú [...], i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 47 den Chairt" [19], nascann an Chúirt na ráthaíochtaí sin le cosaint na gceart arna ndeonú le dlí an Aontais d'iarrthóirí agus do thairgeoirí a ndearnadh díobháil dóibh le cinntí na n-údarás conarthach [20]. Is ar an gcúis sin a dhearbhaigh sí nach mór "fíorfhéidearthacht athbhreithniú a thionscnamh, *go háirithe iarratas ar bhearta idirlinne*" roimh thabhairt i gcrích an chonartha a thabhairt do pháirtithe leasmhara [21].

58. Más rud é, mar a tharla sa chás seo, nach bhfuil na húdaráis atá freagrach as na nósanna imeachta athbhreithnithe ar de chineál breithiúnach iad (is é sin, nach bhfuil siad mar chuid den chóras leighis bhreithiúnaigh *stricto sensu*), ceanglaítear leis an gcásdlí atá díreach luaite agam go mbeidh sé indéanta dul os comhair cúirte chun go dtabharfadh sí rialú maidir le cinntí na n-údarás sin.

59. Cinntítear an méid sin in Airteagal 2(9) de Threoir 89/665 i réimse an tsoláthair phoiblí: nuair a roghnaíonn na Ballstáit leagan amach *riaracháin* a bheith ar na húdaráis athbhreithnithe, ní mór go bhféadfaidh cinntí na n-údarás sin "a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach [...]".

60. I gcásanna den sórt sin, ceanglaítear le hAirteagal 2(9) de Threoir 89/665 go mbeidh modh sásaimh bhreithiúnaigh ar fáil, chun agóid a dhéanamh i gcoinne "aon bheart a líomhnaítear a bheith mídhleathach arna ghlacadh ag an údarás athbhreithnithe inniúil, nó aon sárú a líomhnaítear a rinneadh agus na cumhachtaí a deonaíodh dó á bhfeidhmiú."

[17] Breithiúnas an 14 Bealtaine 2020, *Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság Dél-alföldi Regionális Igazgatóság* (C-924/19 PPU agus C-925/19 PPU, EU:C:2020:367), mír 297, le tagairt do bhreithiúnais an 19 Meitheamh 1990, *Factortame agus páirtithe eile* (C-213/89, EU:C:1990:257), mír 21, agus an 15 Eanáir 2013, *Križan agus páirtithe eile* (C-416/10, EU:C:2013:8), mír 107.

[18] Breithiúnas an 13 Márta 2007, *Unibet* (C-432/05, EU:C:2007:163), mír 77 agus an chuid oibríochtúil, pointe 2.

[19] Aithris 36 de Threoir 2007/66.

[20] An breithiúnas in *Randstad Italia*, mír 49, le tagairt do bhreithiúnas an 7 Meán Fómhair 2021, *Klaipėdos regiono atliekų tvarkymo centras* (C-927/19, EU:C:2021:700), mír 128.

[21] Ordú an 23 Aibreán 2015, *an Coimisiún* v *Vanbreda Risk & Benefits* (C-35/15 P(R), EU:C:2015:275), mír 29, le tagairt do bhreithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *Fastweb* (C-19/13, EU:C:2014:2194), mír 60, cló iodálach curtha leis.

61. Ní mór go mbeidh mar chuid den rialú breithiúnach sin an *fhéidearthacht* go nglacfaidh an chúirt bearta idirlinne (nó athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta idirlinne a ghlacadh cheana in imeachtaí níos luaithe) ionas nach mbeidh sárú an údaráis athbhreithnithe, trí mhainneachtain iompar mídhleathach an údaráis chonarthaigh a cheartú, doleigheasta [22]. Is é sin an t-aon slí a mbeidh an chosaint dhlíthiúil a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt éifeachtach.

62. Is sa chomhthéacs sin nach mór an fhéidearthacht (an dara fomhír d'Airteagal 2(7) de Threoir 89/665) go mbeadh an fhreagairt bhreithiúnach teoranta do chúiteamh a íoc i leith damáiste a thuiscint, dá ndéanfaidh mé tagairt níos déanaí.

63. Má fhéachtar ar an dara fomhír d'Airteagal 2(7) de Threoir 89/665 ina haonar, d'fhéadfaí a mheas (mar a mhaígh ceann de na páirtithe san éisteacht) gur féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh, gan choinníoll, gurb é an t-aon fhreagairt ar ghníomh mídhleathach ná deonú cúitimh.

64. Measaim, áfach, nach bhfuil an téis sin ceart agus nach féidir urraim a thabhairt don cheart chun leigheas éifeachtach ach trí Airteagal 2(7) agus (9) de Threoir 89/665 a léamh i gcomhar lena chéile. Ní mór do gach sárú nó beart a líomhnaítear a bheith mídhleathach arna dhéanamh ag údarás athbhreithnithe céadchéime neamhbhreithiúnach a bheith faoi réir rialú cúirte *stricto sensu* a raibh de dheis aige rialú idirlinne a dhéanamh, roimh a chinneadh an fiú deonú cúitimh amháin as an gconradh a chur ar neamhní.

65. Go deimhin, cé gurb ann don fhéidearthacht sin ní gá an beart idirlinne a ghlacadh i ngach cás: beidh ar an gcúirt, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na leasanna atá i gcoinbhleacht lena chéile, a mheas an ann do *periculum in mora* agus an bhfuil cás *prima facie* ar a laghad ag an bpáirtí atá ag lorg an bhirt idirlinne. Is é an méid atá i gceist, deirim arís é, ná go bhfuil sé de lánchumas ar an gcúirt cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbeart idirlinne.

66. I mo thuairim, níl aon chúis le cásanna inar tugadh an conradh i gcrích roimh an athbhreithniú breithiúnach a eisiamh ón gcosaint idirlinne sin. Cinnte, i gcás den sórt sin, ní fhéadfadh an chúirt tabhairt i gcrích conartha a tharla cheana féin a chur *ar fionraí*, ach d'fhéadfadh sí bearta eile a ghlacadh, mar shampla, éifeachtaí an chonartha sínithe a chur ar fionraí go sealadach.

67. San éisteacht, mhaígh Rialtas Phoblacht na Seice agus ÚOHS go bhféadfaí dochar a dhéanamh don leas poiblí atá ina dhlúthchuid de sholáthar poiblí tapa agus éifeachtach dá nglacfaí leis an bhféidearthacht sin, ós rud é go mbíonn imeachtaí breithiúnacha fada de ghnáth agus go mbeadh an mhoill dochosanta.

68. Is dóigh liom gur féidir teacht timpeall na hargóinte sin:

– Ar thaobh amháin, ní bheadh feidhm ag an moill maidir leis an idirghabháil bhreithiúnach i leith na n-imeachtaí breithiúnacha ina n-iomláine, ach i leith na tréimhse gairide ina bhfuil ar an gcúirt an beart idirlinne a ghlacadh nó a dhiúltú [23]. Ós rud é go bhfuil na cinntí atá faoi

[22] Is é ceann de chuspóirí Threoir 2007/66 go sainiúil, comhrac a dhéanamh in aghaidh "síniú an-thapa an chonartha ag na húdaráis chonarthacha agus na heintitis is conraitheoirí, a bhfuil ag iarraidh, trí sin, go dtiocfaidh iarmhairtí an chinnidh dámhachtana atá faoi chonspóid chun bheith do-athraithe" (aithris 4).

[23] I bPoblacht na Seice, is féidir athbhreithniú riaracháin a thionscnamh laistigh de thréimhse ama de dhá mhí ó sheirbheáil an chinnidh riaracháin a rinneadh ag an dara céim ar an iarratasóir (Airteagal 72(1) de Dhlí Uimh. 150/2002). D'fhéadfadh a bheith mar chuid di iarratas ar bheart eatramhach, lena gcuirfí cosc ar an údarás conarthach an conradh a thabhairt i gcrích le linn phróiseáil na n-imeachtaí os comhair na cúirte. Ní féidir iarratas ar bheart eatramhach a dhéanamh roimh chaingean athbhreithnithe riaracháin a thionscnamh (Airteagal 38 de Dhlí Uimh. 150/2002).

chonspóid in-fhorfheidhmithe de ghnáth bheadh an mhoill teoranta don tréimhse ama a bhfuil gá ag an gcúirt léi chun rialú a thabhairt san idirlinn [24].

– Ar an taobh eile, bhí na deachrachtaí praiticiúla a cuireadh in iúl bunaithe ar chomparáid idir na hacmhainní daonna a cuireadh ar fáil do ÚOHS agus do chúirteanna riaracháin Phoblacht na Seice. Más amhlaidh atá, is don Stát a bhfuil leas aige go mbeidh an soláthar poiblí solúbtha bearta nós imeachta oiriúnacha a ghlacadh chun moill a sheachaint. Ní féidir an imthoisc sin a agairt chun léiriú ar an Treoir lena ndéanfaí dochar don chosaint dlí a ráthaítear leis an gCairt a chur chun cinn.

69. Tá an réiteach a chuirim chun cinn indéanta i ndlíchóras Phoblacht na Seice, ós rud é, mar a aithníodh ag an éisteacht, go gceadaítear le hAirteagal 38 de Dhlí Uimh. 150/2002 "beart idirlinne a ghlacadh, lena n-ordaítear do na páirtithe gníomhú, staonadh ó ghníomhú, nó glacadh le rud." Ní chuirtear cosc leis an bhforáil, inti féin, le héifeachtaí an chonartha arna thabhairt i gcrích cheana a chur ar fionraí.

70. Aontaím leis an gCoimisiún [25] nach mór an fhéidearthacht sin a úsáid go stuama, agus diúltú le hiarratais idirlinne atá míchuí nó suaibhreosach. Measaim nach mór don chúirt a cheangal go dian, thairis an aitheantas ar *periculum in mora*, go mbeadh bunús dlí ann lena léirítear, ann féin, go bhfuil féidearthacht ar leith ann go seasfar leis an éileamh substainteach (*fumus boni iuris*).

71. Thairis sin, beidh ar an gcúirt a bhfuil uirthi cinneadh a dhéanamh maidir leis an éileamh idirlinne a mheas go cúramach an gceanglaítear le cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí (nach féidir a chothromú leis na leasanna airgeadais a bhaineann go díreach leis an gconradh) [26] go gcoinneofar éifeachtaí an chonartha go sealadach i ndiaidh é a thabhairt i gcrích.

72. Ní thugtar le tuiscint leis na breithnithe arna leagan amach go dtí seo go leathnófaí an sásra fionraíochta uathoibríche dá bhforáiltear in Airteagal 2(3) de Threoir 89/665 leis an modh sásaimh bhreithiúnaigh a chumhdach. Ní mheasaim gur gá foclaíocht na forála sin a bhrú, le go leathnófaí éifeachtaí na fionraíochta uathoibríche níos faide ná mar a bhí ar intinn ag an reachtas. Go simplí, i gcás nach de chineál breithiúnach an t-údarás neamhspleách athbhreithnithe, foráiltear le hAirteagal 47 den Chairt go gcaithfidh an chúirt lánchumhacht chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbeart idirlinne a choinneáil, i gcomhréir le rialacha a dlí náisiúnta.

73. Sa chás seo, d'fhéadfadh dhá staid teacht chun cinn:

– D'fhéadfadh nár síníodh an conradh idir an t-údarás conarthach agus an tairgeoir rathúil. Beidh an cinneadh idirlinne dírithe ar an bhféidearthacht an conradh a thabhairt i gcrích a chur ar fionraí go sealadach.

– Má síníodh an conradh, féadfaidh an cinneadh idirlinne difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm éifeachtaí an chonartha, a bhfuil sé de chumas ag an údarás breithiúnas a chur ar fionraí.

[24] De réir an ordaithe tarchuir (mír 18), ní mór don chúirt rialú a thabhairt laistigh de thréimhse ama de 30 lá, ó thionscnamh an iarratais, ar iarratas ar bhearta idirlinne.

[25] Míreanna 17 agus 18 dá bharúlacha i scríbhinn.

[26] Ní dóigh liom go bhfuil aon fhadhb le forálacha Airteagal 2d de Threoir 89/665, maidir le cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí agus na leasanna airgeadais atá i gceist a bheith ann, a chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, i leith na céime idirlinne os comhair na gcúirteanna, mar chritéar chun dearbhuithe maidir le neamhéifeacht conarthaí a dhéanamh.

D. Éifeachtacht na mbreithiúnas lena gcuirtear an conradh ar neamhní

74. Freagraítear ceist na cúirte a rinne an tarchur maidir le léiriú Airteagal 2(3) de Threoir 89/665 leis an méid a leagtar amach thuas.

75. É sin ráite, ina iarraidh ar réamhrialú cuireann an chúirt sin a rinne an tarchur amhras in iúl, agus cé go bhfuil baint aige le bearta idirlinne, ní chumhdaítear é faoi na bearta sin agus baineann sé, seachas sin, le héifeachtacht an bhreithiúnais lena gcuirtear clabhsúr leis an díospóid. Chuige sin, cuireann sí an méid seo a leanas in iúl:

– Má chuirtear cinneadh ÚOHS ar neamhní go breithiúnach, tarchuirfear an díospóid ar ais chuige le haghaidh athphlé. Má cuireadh an conradh i gcrích cheana, áfach, ní dhéanfaidh ÚOHS athmheasúnú ar an athbhreithniú i leith ghníomhartha an údaráis chonarthaigh, ach scorfaidh sé de na himeachtaí a reáchtáil.

– Mar sin, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil aon seans ag an tairgeoir a eisiadh, cé gur sheas cúirt lena éileamh, an conradh a bhaint amach, ós rud é go mbeidh an conradh tugtha i gcrích cheana agus an chaingean athbhreithnithe riaracháin á reáchtáil agus á réiteach.

– Sa chás sin, ní bheidh an t-iarratasóir a fuair dearbhú cúirte go bhfuil an nós imeachta tairisceana neamhbhailí ach in ann a éileamh, in imeachtaí sibhialta, cúiteamh i leith an damáiste a rinneadh le gníomh mídhleathach an údaráis chonarthaigh [27].

76. Tabharfaidh mé aghaidh ar an amhras sin ar mhaithe le dul i ngleic le hiomláine an cháis, cé nach bhfuilim cinnte gur gá sin a dhéanamh chun freagra úsáideach a thabhairt ar an gceist a ndearna an chúirt a rinne an tarchur achoimre uirthi ag deireadh a hiarrata ar réamhrialú.

77. Rinne mé an argóint, tráth eile [28], go dtugtar le tuiscint le bunús an chórais athbhreithnithe in aghaidh cinntí ó údarás (amhail ÚOHS) atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach, i bprionsabal, nuair a chuireann cúirt inniúil ó bhail iad, nach mór dá neamhbhailíocht leathnú lena n-éifeachtaí a chumhdach freisin, ós rud é nach bhfuil an bunús dlí ónar eascair siad ar fáil a thuilleadh.

78. Is é sin le rá, ní mór go mbeidh mar thoradh, i bprionsabal, ar an mbreithiúnas lena gcuirtear dámhachtain conartha phoiblí ar neamhní, cosc ar éifeachtaí an chonartha. Beidh neamhniú na dámhachtana cúlghabhálach (*ex tunc*) go dtí an tráth a rinneadh an dámhachtain sin. Is é sin, thairis sin, an critéar ginearálta a leagtar síos i dTreoir 89/665, i ndiaidh a leasú in 2007, i leith conarthaí ina bhfuil na sáruithe is tromchúisí ar an Treoir sin [29].

[27] I gcomhréir leis an zákon č. 99/1963 Sb., občanský soudní řád (Dlí Uimh. 99/1963, den Chód um Nós Imeachta Sibhialta). Dearbhaíonn an chúirt a rinne an tarchur gurb annamh a bhíonn rath ar an saghas sin éilimh.

[28] Tuairim i gCás *Polkomtel* (C-231/15, EU:C:2016:440), mír 64.

[29] Mar atá le conarthaí a eascraíonn as "dámhachtain dhíreach mhídhleathach" (aithris 13 de Threoir 2007/66) nó "a tugadh i gcrích de shárú ar an tréimhse neamhghníomhaíochta nó ar an bhfionraí uathoibríoch" (aithris 18 de Threoir 2007/66) [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Sna cásanna sin, "is é an cuspóir le saothrú nuair a leagann na Ballstáit síos rialacha lena n-áirithítear nach mbeidh éifeachtaí ag conradh ná nach mbeidh cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa chonradh le forfheidhmiú agus le cur i bhfeidhm a thuilleadh" (aithris 21 de Threoir 2007/66) [Aistriúchán neamhoifigiúil].

79. Tá eisceachtaí ag baint leis an gcritéar ginearálta sin, áfach, agus foráiltear chuige sin le Treoir 89/665 (go háirithe, maidir le conarthaí soláthair phoiblí ar tugadh i gcrích cheana iad) mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann leis an dearbhú ar neamhéifeachtacht [30]. Féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, i gcás go sáraítear na ceanglais fhoirmiúla, "prionsabal na neamhéifeachtachta a mheas mar bheith mí-oiriúnach. Sna cásanna sin, ní mór go mbeidh an tsolúbthacht ag na Ballstáit le pionóis eile a fhorchur" [31].

80. I ndiaidh a leasú le Treoir 2007/66, ceadaítear le Treoir 89/665 (aithrisí 21 [32] agus 22 [33] de Threoir 2007/66 agus Airteagail 2d agus 2e de Threoir 89/665 arna leasú), i gcás conarthaí nach mór a dhearbhú a bheith ó bhail, i bprionsabal, mar gheall ar a mbunús mídhleathach, "go n-aithneofaí roinnt dá n-éifeachtaí ó thaobh ama de, nó gach ceann acu", is é sin le rá, go gcoinneofaí éifeachtaí an chonartha, gan dochar do chur i bhfeidhm na bpionós oiriúnach agus an chúitimh i leith damáistí.

81. Tugann Treoir 89/665 aghaidh, mar sin, ar an bhféidearthacht go mbainfeadh breithiúnas lena seastar le caingean le haghaidh neamhniú le conradh a tugadh i gcrích cheana gan na coinníollacha a bhaineann lena neamhniú a chur i bhfeidhm go hiomlán.

82. Chuige sin, foráiltear le Treoir 89/665, do réitigh dhifriúla ag brath ar na himthosca:

– Is í an riail ghinearálta (Airteagal 2(7)) ná "seachas sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 2d go 2f, cinnfear na héifeachtaí ar fheidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar chonradh arna thabhairt i gcrích i ndiaidh nós imeachta dámhachtana i gcomhréir leis an dlí náisiúnta".

– Cinntítear le hAirteagal 2d(2) "go mbeidh na hiarmhairtí ar neamhéifeachtacht conartha iadsan dá bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta." Leis an reachtaíocht náisiúnta "féadfar foráil a dhéanamh do neamhniú cúlghabhálach na n-oibleagáidí conarthacha uile nó raon feidhme an neamhnithe a theorannú d'oibleagáidí atá fós le forfheidhmiú" [34].

– Ceadaítear le hAirteagal 2d(3) freisin do Bhallstáit a leagan síos "nach féidir leis an údarás athbhreithnithe neamhspleách ar an údarás conarthach a dhearbhú go bhfuil conradh neamhéifeachtach, cé gur dámhadh é go mídhleathach ar na forais arna lua i mír 1 má […] mheasann sé, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile, go n-éilítear le cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas ginearálta go gcoinneofaí éifeachtaí an chonartha […]".

[30] Breithiúnas an 26 Samhain 2015, *MedEval* (C-166/14, EU:C:2015:779) mír 40: "is ionann conradh soláthair phoiblí arna dhámhachtain mar thoradh ar nós imeachta tairisceana a chur ó bhail [...] agus idirghabháil shuntasach ón údarás riaracháin nó cúirt sa chaidreamh conarthach idir daoine aonair agus comhlachtaí stáit. Is féidir a bheith mar thoradh ar chinneadh den sórt sin, mar sin, cur isteach agus cailleadh airgeadais suntasach, ní hamháin don tairgeoir rathúil i leith an chonartha phoiblí, ach freisin don údarás conarthach agus, dá bhrí sin, don phobal, tairbhí deiridh cur i gcrích na n-oibreacha nó soláthar na seirbhísí atá ina n-ábhar don chonradh soláthair phoiblí atá i gceist. Mar is léir ó aithris 25 agus 27 de Threoir 2007/66, leag reachtas an Aontais níos mó tábhacht ar an gceanglas maidir leis an deimhneacht dhlíthiúil i leith an chineáil athbhreithnithe chun éifeachtaí a bhaint ó chonradh ná ar iarratais ar chúiteamh i leith damáistí."

[31] Aithris 19 de Threoir 2007/66.

[32] "[…] féadfar leis an dlí náisiúnta, mar shampla, foráil a dhéanamh do neamhniú cúlghabhálach na n-oibleagáidí conarthacha uile (*ex tunc*) nó foráil a dhéanamh do neamhniú na n-oibleagáidí atá fós le forfheidhmiú amháin (*ex nunc*)".

[33] "Féadfaidh na Ballstáit ligean don údarás atá freagrach as na nósanna imeachta athbhreithnithe *gan an conradh a chur i mbaol nó roinnt dá éifeachtaí ó thaobh ama de a aithint nó iad go léir a aithint*, más rud é go n-éilítear amhlaidh le hurraim a léiriú ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas ginearálta in imthosca eisceachtúla an cháis ar leith [...]". Cló iodálach curtha leis.

[34] Sa chás deireanach sin, déanfaidh na Ballstáit foráil go gcuirfí pionóis eile i bhfeidhm, de réir bhrí Airteagal 2e(2).

– Cuirtear in iúl le hAirteagal 2e(1), i gcúinsí áirithe[35], "go bhforálfaidh na Ballstáit do neamhéifeachtacht an chonartha i gcomhréir le hAirteagal 2d(1) go (3), nó do phionóis eile."

– Faoin bhforáil sin, "féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go gcinnfidh an t-údarás athbhreithnithe neamhspleách ar an údarás conarthach, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile, ar chóir an conradh a mheas mar neamhéifeachtach nó ar chóir pionóis eile a fhorchur."

83. Is léir ó na forálacha sin go léir, i gcomhréir le Treoir 89/665, go bhféadfaí a fhoráil leis na rialacha náisiúnta, i gcúinsí áirithe, go mbeidh ag an mbreithiúnas lena gcuirtear dámhachtain conartha phoiblí ar neamhní: a) éifeachtaí cúlghabhálacha, a théann i bhfeidhm *ex tunc* ar na hoibleagáidí conarthacha go léir; b) nó nach gá go mbeidh sé de thoradh air go gcaillfidh an conradh a éifeachtaí uile.

84. Déantar iarracht leis na forálacha sin de Threoir 89/665 teacht ar chothromaíocht idir na *gnáth*-iarmhairtí de bhreithiúnas lena gcuirtear cinneadh ar neamhní agus cosaint leasanna poiblí eile atá dúchasach do sholáthar na seirbhísí atá ina n-ábhar don chonradh. Sa réimse seo, agus i réimsí eile, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh leis an dlí náisiúnta go mbainfí éifeacht "nádúrtha" an bhreithiúnais lena ndearbhaítear an neamhniú uaidh, agus go gcuirfí oibleagáid chun cúiteamh a íoc nó bearta eile ina áit.

85. Ní thagann na forálacha arna lua de Threoir 89/665 (agus na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear iad) salach ar Airteagal 47 den Chairt[36], chomh fada is a cheadaítear d'aon tairgeoir leis an gceart chun leigheas éifeachtach atá aige, i gcás go gcuirtear an dámhachtain conartha nach raibh chun a thairbhe ar neamhní *a posteriori*, cúiteamh a fháil as an damáiste a rinneadh dó.

86. Ní fhorchuirtear réiteach amháin i leith na bhfadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le héifeachtacht na mbreithiúnas lena gcuirtear gníomhartha (nó conarthaí) riaracháin ar neamhní leis an gceart a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt. Cinnte, is féidir an riail ghinearálta a luaigh mé a thuiscint ó Airteagal 47, ach ní chuirtear bac leis an riail sin ar an bhféidearthacht na heisceachtaí a cuireadh chun suntais thuas a úsáid[37].

87. Coinneofaí neamhéifeachtacht na gconarthaí, áfach, dá dtabharfadh cúirt náisiúnta de chuid Ballstáit (a rinneadh foráil chuige sin ina reachtaíocht) breithiúnas ina ndearbhaítear dámhachtain conartha a bheith neamhbhailí, agus iarmhairtí *ex tunc* á gcur ag gabháil lena rialú.

88. Sa chás seo, d'fhéadfadh na breithnithe roimhe seo a bheith an-ábhartha más rud é, i ndiaidh an conradh a thabhairt i gcrích, nach nglacann an chúirt atá inniúil chun rialú a thabhairt ar chinntí ÚOHS aon bheart idirlinne. Sna himthosca sin, má chuirtear cinneadh ÚOHS (agus an chonradh ar ghlac sé leis) ar neamhní leis an mbreithiúnas lena gcuirtear clabhsúr leis an athbhreithniú riaracháin agus má éilítear le rialacha náisiúnta an cás a tharchur ar ais chuig an údarás sin le haghaidh athphlé, beidh ar ÚOHS, i gcomhréir le hAirteagal 2d de Threoir 89/665, a mheas cad iad na hiarmhairtí a eascróidh as an ndearbhú go bhfuil an conradh neamhéifeachtach.

[35] I gcás go sáraítear Airteagal 1(5), Airteagal 2(3) nó Airteagal 2a(2) nach gcumhdaítear le hAirteagal 2d(1)(b).

[36] I mbreithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *Fastweb* (C-19/13, EU:C:2014:2194), mír 64, dhearbhaigh an Chúirt "agus foráil á déanamh do choinneáil éifeachtaí conartha, níl Airteagal 2d(4) de Threoir 89/665 ar neamhréir leis na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt."

[37] Tagraím do mhíreanna 61 go 70 de mo Thuairim i gCás *Polkomtel* (C-231/15, EU:C:2016:440).

V. Conclúid

89. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim an freagra seo a leanas a thabhairt do Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno, Poblacht na Seice):

"Maidir le hAirteagal 2(3), Airteagal 2(9) de Threoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

Ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir, nuair a bheidh na himeachtaí os comhair údarás athbhreithnithe neamhspleách (neamhbhreithiúnach) ídithe, go bhféadfaidh an t-údarás conarthach conradh soláthair phoiblí a thabhairt i gcrích roimh thionscnamh athbhreithniú riaracháin os comhair na cúirte atá inniúil chun dleathacht an chinnidh maidir le tairgeoir a eisiaimh ó dhámhachtain an chonartha sin a scrúdú, chomh fada is go bhfuil sé de chumhacht ag an gcúirt, i gcomhthéacs an athbhreithnithe riaracháin, a bhfuil sé de fhreagracht uirthi rialú a thabhairt sa chás, bearta idirlinne a ghlacadh arb ionann iad, más iomchuí, agus éifeachtaí an chonartha arna shíniú a chur ar fionraí."